CINNEADH Uimh. 183/2022 ó CHOMHCHOISTE LEE

an 10 Meitheamh 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1883]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1751 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le formáidí agus teimpléid aonfhoirmeacha le haghaidh fógraí faoi chinneadh na dofheidhmitheachta a bhainfeadh le haitheantas conarthach na gcumhachtaí díluachála agus comhshó a áireamh ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/365 ón gCoimisiún an 3 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha agus teimpléid chaighdeánacha le haghaidh soláthar faisnéise chun críocha pleananna réitigh le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta de bhun Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 19bo (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún):

", arna leasú le:

— **32022 R 0365**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/365 ón gCoimisiún an 3 Márta 2022 (IO L 69, 4.3.2022, lch. 60)."

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 19bp (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/348 ón gCoimisiún):

"19bs. **32021 R 1751**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1751 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le formáidí agus teimpléid aonfhoirmeacha le haghaidh fógraí faoi chinneadh na dofheidhmitheachta a bhainfeadh le haitheantas conarthach na gcumhachtaí díluachála agus comhshó a áireamh (IO L 349, 4.10.2021, lch. 5)."

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1751 agus (AE) 2022/365 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 349, 4.10.2021, lch. 5.
([2]) IO L 69, 4.3.2022, lch. 60.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Meitheamh 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 80/2020 ó Chomhchoiste LEE an 12 Meitheamh 2020 ([3]), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 145/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022 ([4]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meitheamh 2022.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([3]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
([4]) IO L 246, 22.9.2022, lch. 104.